

Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil  
Ollscoil Mhá Nuad

# Teastas Eorpach na Gaeilge

## Meánleibhéal 1 (B1)

### Scrúdú samplach 1

#### Cluastuiscint, Léamhthuiscint, Scríbhneoireacht

1. Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

2. Tá an Scrúdú Cluastuisceana (25%), an Scrúdú Léamhthuisceana (25%) agus an Scrúdú Scríbhneoireachta (20%) sa leabhrán seo. Baineann an 30% eile leis an Scrúdú Cainte.

3. Freagair gach ceist.

4. Mairfidh an Scrúdú Cluastuisceana timpeall 25 nóiméad. Beidh 5 nóiméad agat leis an Scrúdú Cluastuisceana a léamh sula gcuirfear an taifeadadh ar siúl.

5. Mairfidh an Scrúdú Léamhthuisceana agus an Scrúdú Scríbhneoireachta uair go leith.

#### Don oifig amháin

##### Cluastuiscint

1	<input type="text"/>
2	<input type="text"/>
3	<input type="text"/>
4	<input type="text"/>

##### Léamhthuiscint

1	<input type="text"/>
2	<input type="text"/>
3	<input type="text"/>

##### Scríbhneoireacht

1	<input type="text"/>
2	<input type="text"/>
3	<input type="text"/>

# Cluastuiscint

25% den scrúdú iomlán: (48 marc)

Tá 5 nóiméad agat leis an pháipéar a léamh sula dtosóidh an taifeadadh. Tá ceithre cheist ar fad sa pháirt seo. Cloisfidh tú gach téacs faoi dhó. Freagair na ceisteanna i nGaeilge. Ní gá abairtí iomlána a scríobh.

**1** Éist le trí fhógra agus freagair na ceisteanna thíos.

/12 marc

## Fógra 1

1. Cad é ainm an dlúthdhiosca?

---

2. Cé a bheidh ag dul ar thuras go Meiriceá?

---

## Fógra 2

1. Cén áit go díreach ar tharla an timpiste?

---

2. Cén uair a bheidh an bóthar oscailte?

---

## Fógra 3

1. Ainmnigh foireann amháin a bhí sa chomórtas.

---

2. Cén fáth a luaitear an clár 'Spórt an Deiscirt'?

---



3

Cloisfidh tú píosa as agallamh raidió.  
Tá an scríbhneoir Eoin Mac Gearailt ag caint  
faoina chuid oibre. Freagair na ceisteanna thíos.

/ 12 marc

**Agallamh raidió**

1. Tabhair dhá phointe eolais a thugann Eoin faoina sheanathair.

---

---

2. Cá raibh Eoin nuair a thosaigh sé ag scríobh?

---

3. Luann Eoin Raidió na Gaeltachta. Cén fáth?

---

4. Thaitin an cúrsa scríbhneoireachta san ollscoil leis. Cén fáth?

---

5. Luaigh rud amháin a thaitin leis faoi Rio de Janeiro.

---

6. Níl mórán ama ag Eoin a bheith ag scríobh anois. Cén fáth?

---

4

Cloisfidh tú comhrá idir Siobhán agus Breandán. Tá siad ag caint faoi Anna agus Pierre atá ag teacht ar cuairt.

Léigh na ráitis thíos. An bhfuil siad **fíor**, **bréagach** nó **ní deirtear**?

Cuir tic  sa bhosca ceart.

/12 marc

1. Seo an chéad uair do Phippe teacht go Baile Átha Cliath.

A. Fíor

B. Bréagach

C. Ní deirtear

2. Beidh Siobhán ag imeacht as baile an deireadh seachtaine seo chugainn.

A. Fíor

B. Bréagach

C. Ní deirtear

3. Bíonn Breandán dul ag siúl sna sléibhte go minic.

A. Fíor

B. Bréagach

C. Ní deirtear

4. Ceapann Siobhán nach mbeidh spéis ag Pierre sna hiarsmalanna.

A. Fíor

B. Bréagach

C. Ní deirtear

5. Tá ticéid ag Breandán do chluiche peile ar an Satharn.

A. Fíor

B. Bréagach

C. Ní deirtear

6. Níl Breandán buartha faoin chostas.

A. Fíor

B. Bréagach

C. Ní deirtear

# Léamhthuiscint

25% den scrúdú iomlán: (40 marc)

**1** Léigh na téacsanna 1–5 thíos. Cuir tic leis an bhfreagra ceart i ngach cás: A, B nó C.

/10 marc

1

Haigh, a Chormaic. Súil agam go mbeidh seisiún traenalá maith agaibh anocht. Mise ag déanamh réidh don chur i láthair Déardaoin. Seo, bheadh ‘An tÚrseal sa Ghaeilge’ iontach úsáideach dom, má tá sé agat. Feicfidh mé Déardaoin thú ar aon nós.  
Philip

**Cén fáth ar sheol Philip an téacs?**

- A. Le hinsint do Chormac nach mbeadh sé ag an seisiún traenalá anocht.
- B. Le leabhar a fháil ar iasacht ó Chormac.
- C. Le cuireadh a thabhairt do Chormac go dtí an cur i láthair.

2

**Síle Benson**

@bensonbeat

A chairde an cheoil. Seans ar bith ar shíob ó Luimneach maidin amárach, i dtreo Thrá Lí? Spás do bheirt ag teastáil – mise agus an fhidil! Íocfaidh mé go ceolmhar sibh!  
#fleadhcheoilnaheireann

**Cuir tic leis an abairt atá ceart.**

- A. Is cuma le Síle cén t-am a imeoidh sí.
- B. Beidh Síle ag glacadh páirt i gcomórtais Fhleadh Cheoil na hÉireann.
- C. Beidh Síle léi féin.

3

**Comórtais Sheachtain na Gaeilge le ENERGIA  
BLAGÁIL SNA SCOILEANNA**

Is comórtas d'iarrthóirí aonair é seo.

Is aiste atá i gceist ach cuir i gcás go mbeidh sí á léamh ar líne.

Is féidir í a bhunú ar ábhar ar bith agus í a sheoladh trí ríomhphost chuig [snag@cnag.ie](mailto:snag@cnag.ie).

**Cuir tic leis an abairt atá ceart.**

- A. Ní gá go mbeadh blag ag na hiarrthóirí.
- B. Is féidir le grúpaí ranga cur isteach ar an gcomórtas.
- C. Ní mór píosa a scríobh faoi Sheachtain na Gaeilge.

4

A Úna. Seo, beidh orm an dinnéar a chur ar ceal. Tá an teas lárnach imithe arís agus ní bhfaighidh mé pluiméir in am. An bhfuil uimhir agat do Sheosamh? Caithfidh mé an drochscéal a insint dó.

Déanfaimid arís é am éigin eile.

Brídín

**Cén fáth ar sheol Bridín an teachtaireacht seo?**

- A. Chun dáta nua a shocrú le hÚna.
- B. Chun uimhir do phluiméir a fháil.
- C. Chun uimhir do chara eile a fháil.

5

A chairde,

Tá ag éirí go maith linn 'oifig gan pháipéar' a dhéanamh den oifig seo. Fós féin, bíonn ríomhairí ar siúl san oíche, agus soilse freisin. Buailigí isteach chugam, mar sin, má tá smaointe agaibh le gearradh siar.

M. Boyer

Bainisteoir

**Cén fáth ar sheol an bainisteoir an teachtaireacht seo?**

- A. Chun comhghairdeas a ghabháil leis an bhfoireann.
- B. Chun gearán a dhéanamh leis an bhfoireann.
- C. Chun moltaí a lorg ón bhfoireann.

2

Léigh an méid thíos agus ansin freagair na ceisteanna.



/14 marc

# Gaelscoil Bhaile na Croise

Sorcha Ní Chonaill  
Príomhoide  
13 – 09 – 2022

A chairde,

Tá mé ag scríobh chugaibh le sibh a chur ar an eolas faoi thuras thar lear atá á eagrú ag an scoil le haghaidh dhaltaí Bhliain 4. Is go Grenoble na Fraince a bheimid ag dul i mbliana, tar éis dúinn a bheith i bpríomhchathair na tíre sin anuraidh. Gheobhaidh sibh gach eolas faoin turas ar leathanach eile, ach ba mhaith liom cúpla pointe tábhachtach a dhéanamh ar dtús.

Cé go mbeidh an turas ar siúl le linn laethanta saoire na Samhna, ní sos iomlán ón scoil a bheidh ann. Is dóigh liom go gcabhraíonn turais mar seo go mór leis na daltaí ó thaobh an oideachais de. Tá a fhios againn nach leor seachtain amháin chun feabhas rómhór a chur ar a gcuid Fraincise, ach beidh go leor imeachtaí suimiúla eile ar siúl acu chomh maith. Ar ndóigh, is breá an aclaíocht í an sciáil agus tá siúlóidí agus imeachtaí spóirt le bheith ann freisin.

Tá a fhios agam gur cuid mhór airgid €800. Níor mhaith linne go mbeadh brú ar dhaoine a gcuid páistí a chur ar an turas. Beidh roinnt daltaí as Bliain 4 ag fanacht sa bhaile, agus beidh fáilte rompu páirt a ghlacadh sna himeachtaí spóirt agus sna ranganna breise a bheidh ar siúl anseo sa scoil le linn shaoire na Samhna. Ní fhágfar aon duine amuigh!

Mar sin de, léigí an leathanach eolais agus déanaigí teagmháil linn roimh dheireadh na míosa seo más mian libh áit a chur in áirithe do bhur n-iníon féin.

Slán agus beannacht,  
***Sorcha Ní Chonaill***  
Sorcha Ní Chonaill



## Turas na Samhna 2022 – Sciáil agus Fraincis in Grenoble

### Imeachtaí

- Gearrchúrsa sciála do thosaitheoirí agus cúrsa eile do dhaltaí a bhfuil roinnt taithí acu
- Ranganna comhrá Fraincise
- Siúl sléibhe
- Turas treoraithe ar chathair Grenoble
- ‘Oíche Éireannach’ le daltaí meánscoile áitiúla

Táimid ag iarraidh ar dhaltaí a bhfuil ceol nó damhsa acu a gcuid ainmneacha a chur síos don ‘Oíche Éireannach’.

### Costas

€800 do gach dalta. Tá na rudaí seo thíos san áireamh sa chostas.

- Eitilt dhíreach as Baile Átha Cliath
- Lóistín agus béilí (7 lá)
- Éadaí/trealamh sciála ar cíós

Ní mholtar do thuismitheoirí an iomarca airgid phóca a thabhairt do na cailíní. Ní bheidh mórán seans acu é a chaitheamh!

### Riachtanais

Caithfidh gach dalta na rudaí seo a leanas a thabhairt léi:

- Bróga maithe siúil
- Éadaí geimhridh (cóta báistí, scaifeanna, geansaithe srl)

Má tá éadaí/trealamh sciála ag an dalta cheana féin, is féidir léi iad a thabhairt léi.

1. Cén tír ar thug an scoil cuairt uirthi an bhliain seo caite?

---

2. Cén fáth a molann an príomhoide an turas seo? Cuir tic leis an ráiteas *is fearr*.

- A. Is féidir leis na daltaí dearmad a dhéanamh den obair scoile.
- B. Beidh a gcuid Fraincise i bhfad níos fearr.
- C. Beidh siad ag déanamh aclaíochta agus rudaí difriúla eile.

3. Cad a dhéanfaidh na daltaí *nach rachaidh* go Grenoble?

---

4. Cad é an dáta deireanach chun áit a chur in áirithe?

---

5. Léigh na ráitis thíos. An bhfuil siad fíor/bréagach/ní thugtar an t-eolas?

- Caithfidh gach dalta éadaí/trealamh sciála a thabhairt léi ar an turas. \_\_\_\_\_
- Beidh ar gach cailín damhsa nó amhrán a rá ag an ‘Oíche Éireannach’. \_\_\_\_\_
- Beidh cúrsa sciála ar siúl ag dhá leibhéal. \_\_\_\_\_

3

Léigh an t-agallamh agus freagair na ceisteanna thíos.



/16 marc

## Lá dár Saol

***Labhair Brian Ó Máille le Sinéad Nic Dhonncha, amhránaí sean-nóis, faoin saol atá aici anois agus faoi na pleananna atá aici amach anseo.***

Seo an chéad uair a chas mé le Sinéad Nic Dhonncha, agus níor shíl mé ar dtús gur duine faiteach í, ach ní mar a shíltear a bhítear. Tá sí i ndiaidh dlúthdhiosca (‘An Sean-nós Nua’) a dhéanamh le cuid de na hamhránaithe traidisiúnta óga is fearr in Éirinn. “Ó, bhí mé thar a bheith neirbhíseach’ a deir sí. “Bhí mo chroí amuigh i mo bhéal! An dtuigeann tú, bíonn faitíos orm i gcónaí, mise a rugadh agus a tógadh i mbruachbhaile in aice leis an bpríomhchathair. Bím ag rá liom féin, an féidir le bean nach as an nGaeltacht í an sean-nós a chanadh? Tá sé rud beag cosúil leis an gceist eile sin – an féidir le daoine bána na goirmeachaí a chanadh?”

Ach is iomaí ceangal atá ag Sinéad leis an nGaeltacht. Sloinne mór de chuid Chonamara is ea Mac Donncha, agus ba as Camas seanathair Shinéad, Muiris Bán Mac Donncha. “Is ea. Ní raibh ceol rómhaith ag Muiris ach bhí cuimhne iontach aige, agus bhí focail gach amhráin mhóir as an gceantar sin ar eolas aige. Tá daoine mar sin an-tábhachtach. Nuair a dhéanann tú dearmad de na focail, rud a dhéanaimse go minic, bíonn daoine mar Mhuiris in ann iad a insint duit! Duine an-lách agus foighneach ba ea Muiris, níl a fhios agam an bhfuil na tréithe céanna agamsa agus mé ag múineadh.”

Bíonn ranganna rialta sean-nóis ag Sinéad do pháistí meánscoile agus tugann sí ceardlanna do ghrúpaí eile anois is arís. Ach an rud é an sean-nós is féidir a mhúineadh? “Hmmm, ceist mhaith í sin. Seans go gcaithfidh tú an-suim a bheith agat ann agus an-chuid ama a chaitheamh leis. An duine atá ag iarraidh é a fhoghlaim ina chroí istigh, beidh sé in ann é sin a dhéanamh. Caithfidh tú cuid mhór staidéir a dhéanamh, ar ndóigh. Bhí go leor fadhbanna agam féin nuair a bhí mé óg agus mé ag foghlaim. Ó, gabh mo leithscéal... tá mé ag foghlaim go fóill agus beidh, is dóigh liom, go bhfaighidh mé bás.”

Cad iad na fadhbanna a bhí aici, mar sin? “Ó rudaí an-phraiticiúla ar fad. Bíonn eagla orm go mbím ag cur isteach ar na comharsana. Tá cónaí orainn i dteach leathscoite i Ráth Eanaigh agus bíonn sé deacair a bheith ag cleachtadh gan torann a dhéanamh. Mar shampla, is cuimhin liom oíche amháin agus bhí amhrán grá á chanadh agam agus tháinig an chomharsa bhéal dorais chun tí le cinntiú go raibh mé ceart go leor. “Shíl mé gur ag caoineadh a bhí tú” a dúirt sí. Is dóigh liom go raibh ionadh ar roinnt de na comharsana nuair a tháingamar anseo ar dtús. Tá an t-ádh orm mar ní bhíonn siad ag gearán - níor mhaith liom fearg a chur orthu, mar gach seans go mbeidh mé anseo go ceann i bhfad. Bheadh sé i bhfad níos fusa na hamhráin seo a cheol i gceantar tuaithe!”

Cad é an chéad chéim eile do Shinéad, mar sin? “Bhuel deir daoine liom gur cheart dom dlúthdhiosca de mo chuid féin a dhéanamh, ach níl deifir mhór orm sin a dhéanamh. Rud an-chostasach atá ann, seans go mbeadh cúpla euro le fáil ó ghrúpa éigin ach mar sin féin tógann sé sin ar fad am. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom cúpla bliain eile a chaitheamh

Scrúdú Samplach Meánleibhéal 1 (B1)

ag foghlaim amhrán a bhfuil dearmad déanta ag daoine orthu, amhráin a bhaineann le ceantar Chamais agus le ceantar mo mhuintire go háirithe.

“Tá traidisiún an-láidir sa cheantar sin agus ba mhaith liom amhrán a fháil faoin áit nach bhfuil eolas ag mórán daoine orthu, le go gcloisfidh daoine arís iad.”

Agus an bhfuil fonn uirthi dul isteach sna comórtais sean-nóis a bhíonn ar siúl le linn an Oireachtais, féile mhór na Gaeilge? “Níl i ndáiríre. Deir daoine nach maith leo a leithéid de chomórtas agus nach féidir a rá go bhfuil amhránaí amháin níos fearr ná amhránaí eile. Níl a fhios agam an bhfuil sé sin ceart. Is dócha go dtugann siad seans iontach do dhaoine óga go háirithe. Tá a fhios agam go maith go mbeadh an-fhaitíos orm, thuas ar stáitse agus seomra lán daoine ag féachaint orm. Is breá liom an nós atá acu i gConamara – nuair a bhíonn tú ag canadh faigheann duine greim ar do lámh agus fanann tú lámh ar láimh go dtí go mbíonn an t-amhrán thart. Tá sin thar a bheith cairdiúil. Tugann sé misneach dom. An dóigh leat go mbeidh cead agam duine a thabhairt suas ar an stáitse liom ag an Oireachtas?”

---

1. Is as \_\_\_\_\_ Sinéad Nic Dhonncha.

2. Cé atá le cloisteáil ar an dlúthdhiosca ‘An Sean-nós Nua’?

---

3. Cén gaol atá idir Sinéad agus Muiris?

---

4. Cén chabhair is mó a thug Muiris do Shinéad?

---

5. Cén ráiteas *is fearr* a chuireann síos ar dhearcadh Shinéad?

- A. Bíonn sé éasca go leor an sean-nós a fhoghlaim.
- B. Bíonn sé éasca do pháistí agus do dhéagóirí an sean-nós a fhoghlaim.
- C. Bíonn an-chuid oibre le déanamh leis an sean-nós a fhoghlaim.
- D. Ní féidir le haon duine sean-nós a cheol ach daoine ón Ghaeltacht.

6. Cén ráiteas *is fearr* a chuireann síos ar chomharsana Shinéad?

- A. Is breá leo ag éisteacht léi ag canadh.
- B. Bíonn siad ag gearán faoin torann anois is arís.
- C. D’iarr siad ar Shinéad gan canadh san oíche.
- D. Ní dúirt siad go raibh siad míshásta faoin chanadh.

Scrúdú Samplach Meánleibhéal 1 (B1)

7. Cén fáth nach bhfuil deifir ar Shinéad dlúthdhiosca a dhéanamh? Roghnaigh an ráiteas *is fearr* ón liosta thíos.

- A. Níl ach cúpla amhrán aici a thaitníonn go mór léi.
- B. Ní féidir léi aon airgead a fháil leis an dlúthdhiosca a dhéanamh.
- C. Ba mhaith léi roinnt amhrán eile a fhoghlaim.
- D. Ba mhaith léi roinnt amhrán a scríobh faoi Chamas.

8. Ní bheidh Sinéad ag cur isteach ar chomórtas an Oireachtais. Cén fáth? Roghnaigh an ráiteas *is fearr* ón liosta thíos.

- A. Ní dóigh léi gur rud maith comórtais amhránaíochta.
- B. Bíonn sí an-neirbhíseach nuair a bhíonn sí ag canadh go poiblí.
- C. Is fearr léi a bheith ag canadh in áiteanna beaga.
- D. Bíonn an iomarca daoine sna comórtais.

# Scríbhneoireacht

**20% den scrúdú: (50 marc)**

**1**

Críochnaigh an teachtaireacht ríomhphoist seo thíos.  
Scríobh focal amháin i ngach bearna.

/10 marc

Haigh, a Bhríd, Tá súil agam go bhfuil gach rud go maith leatsa. Tá brón orm nár \_\_\_\_\_ (1) mé teachtaireacht chugat níos luaithe ach bhí mé an-ghnóthach an tseachtain seo caite. Ar \_\_\_\_\_ (2) mé duit gur chuir mé isteach ar phost \_\_\_\_\_ (3) iriseoir leis an nuachtán *Foinse*? Bhuel bhí an \_\_\_\_\_ (4) agam ar an Luan agus ceapaim \_\_\_\_\_ (5) éirigh go maith liom cé go raibh roinnt de na ceisteanna deacair go leor. Tá súil agam go bhfaighidh mé é mar ba bhreá liom bogadh siar go Gaillimh. Tá teach ag mo dheartháir díreach in aice leis an fharraige. Má \_\_\_\_\_ (6) an post beidh orm gluaisteán a \_\_\_\_\_ (7) ach sin scéal eile! Conas atá an saol leatsa? An mbeidh tú ag teacht go Corcaigh do \_\_\_\_\_ (8) Shíle oíche Aoine? Is deacair a chreidiúint go bhfuil sí daichead bliain d’aois – nach bhfuil cuma i bhfad níos \_\_\_\_\_ (9) uirthi. Beidh deireadh seachtaine iontach againn – tá go leor clubanna \_\_\_\_\_ (10) sa chathair anois. Cuir scairt orm tráthnóna má bhíonn an seans agat. Caithfidh mé dul ar ais ag obair anois. Slán go fóill, Aoife.



